# BEARTAS MAIDIR LE FUINNIMH – COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

Geallann Comhairle Chontae na Gaillimhe feabhas a chur ar a feidhmíocht fuinnimh.

Geallann an Chomhairle deimhniú ISO 50001 a bhaint amach, an Caighdeán Idirnáisiúnta do Chórais Bainistithe Fuinnimh.

Tugann an Chomhairle aird ar na freagrachtaí reachtúla chun laghdú 33% a chur ar thomhaltas fuinnimh phríomhúil in 2020 i gcomparáid leis an mbunlíne in 2009, agus geallann sí cloí le riachtanais ó thaobh an dlí agus leis an mbeartas náisiúnta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh.

Geallann an Chomhairle feabhsúchán leanúnach a dhéanamh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus cinntíonn sí go mbeidh na hacmhainní iomchuí i bhfeidhm chun na feabhsúcháin sin a thabhairt chun críche (faoi réir ag cúinsí buiséid).

Ullmhaíonn an Chomhairle Plean Gnímh maidir le Fuinneamh gach bliain, ina n-aithnítear spriocanna, dátaí agus na daoine atá freagrach astu.

Geallann an Chomhairle táirgí agus seirbhísí atá tíosach ar fhuinneamh a cheannach a mhéid agus is féidir, ag teacht leis an mbeartas náisiúnta ar Sholáthar Glas.

Geallann an Chomhairle prionsabail éifeachtúlachta fuinnimh a chur san áireamh i ndearadh tithe agus foirgneamh.

Sa chás gur gá foirgnimh a athchóiriú, geallann an Chomhairle éifeachtúlacht fuinnimh a chur san áireamh sa dearadh agus sna sonraíochtaí.

Tacaíonn an Chomhairle le rannpháirteacht na foirne i gcúrsaí éifeachtúlachta fuinnimh agus cinntíonn go mbíonn eolas ábhartha agus deiseanna/meabhrúcháin ann chun nósanna agus cleachtais ar mhaithe le héifeachtúlacht fuinnimh a thabhairt chun cinn san áit oibre. Cinnteoidh an Chomhairle go mbeidh eolas ar fáil chun cuspóirí agus spriocanna fuinnimh a bhaint amach.

Geallann an Chomhairle oiliúint a chur ar fáil don fhoireann de réir mar is gá chun tionscadail iarfheistithe ar mhaithe le héifeachtúlacht fuinnimh a thosú agus chun maoirsiú a dhéanamh orthu.

Tacaíonn an Chomhairle le héifeachtúlacht fuinnimh sna hearnálacha baile, pobail agus gnó, trína beartais sa bPlean Forbartha Contae. Tacaíonn an Chomhairle le forbairt a dhéanamh, nuair is cuí, ar thionscadail mhicri-ghiniúna agus fuinnimh in-athnuaite.

Cinnteoidh an Chomhairle go gcuirfear gnéithe éifeachtúlachta fuinnimh san áireamh sna tacaíochtaí sóisialta agus pobail arna riar ag an gComhairle (nuair is cuí).

Príomhfheidhmeannach

5th January 2015.

Dáta

# ENERGY POLICY – GALWAY COUNTY COUNCIL

Galway County Council commits to achieving improvements in energy performance.

The Council commits to achieving certification to ISO 50001, the International Standard for Energy Management Systems.

The Council takes note of statutory responsibilities to reduce primary energy consumption by 33% in 2020 from 2009 baseline, and commits to complying with its legal requirements and national policy on energy efficiency.

The Council commits to continual improvement in energy efficiency and ensures that appropriate resources are in place to bring about these improvements, (subject to budgetary considerations).

The Council prepares an annual Energy Action Plan with targets, dates and responsible persons identified.

The Council commits to purchasing energy-efficient products and services to the greatest possible extent, in line with national policy on Green Procurement.

The Council commits to incorporating energy efficiency principles in design of housing and buildings.

Where the need for refurbishment of buildings occurs, the Council commits to incorporating energy efficiency into the design and specifications.

The Council supports the engagement of staff in energy efficiency and ensures that relevant information and opportunities / reminders are in place to bring about energy efficient habits and workplace practises. The Council shall ensure the availability of information to achieve energy objectives and targets.

The Council commits to providing training as required for staff to initiate and supervise energy efficiency retrofit projects.

Through its policies in the County Development Plan, the Council supports energy efficiency in the domestic, community and business sector. The Council supports the development of renewable energy and micro generation projects where appropriate.

The Council shall ensure that energy efficiency considerations are built into social and community supports (where appropriate) administered by the Council.

Chief Executive

5th January 2015.

Date